IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# PARLAIMINT NA hEORPA

## CINNEADH ÓN mBIÚRÓ

**an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008** ([1])

**maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa**

(2022/C 330/01)

**CLÁR NA nÁBHAR**

*Leathanach*


TEIDEAL I. FEIDHMIÚ AN tSAINORDAITHE PHARLAIMINTIGH ..... 4

**Caibidlí:**

1. Tuarastal ..... 4
2. Speansais leighis ..... 5
3. Árachas in aghaidh na rioscaí a bhaineann le feidhmiú an tsainordaithe pharlaimintigh ..... 6
4. Aisíocaíocht ar speansais ..... 8
5. Cúnamh ó fhoireann phearsanta ..... 18
6. Soláthar trealaimh agus saoráidí ..... 26

TEIDEAL II. DEIREADH AN tSAINORDAITHE PHARLAIMINTIGH ..... 27

**Caibidlí:**

1. Liúntas idirthréimhseach ..... 27
2. Pinsean seanaoise ..... 28
3. Pinsean easláine ..... 29
4. Pinsean marthanóra agus pinsean dílleachta ..... 31


([1]) Arna leasú ag cinntí ón mBiúró an 11 Samhain 2009, an 23 Samhain 2009, an 14 Nollaig 2009, an 19 Aibreán 2010, an 5 Iúil 2010, an 13 Nollaig 2010, an 14 Feabhra 2011, an 23 Márta 2011, an 14 Samhain 2011, an 12 Nollaig 2012, an 1 Iúil 2013, an 16 Meitheamh 2014, an 15 Meán Fómhair 2014, an 15 Nollaig 2014, an 26 Deireadh Fómhair 2015, an 14 Nollaig 2015, an 12 Nollaig 2016, an 13 Nollaig 2017, an 11 Meitheamh 2018, an 2 Iúil 2018, an 10 Nollaig 2018, an 1 Iúil 2019, an 16 Nollaig 2019, an 16 Nollaig 2020, an 13 Nollaig 2021 agus an 6 Meitheamh 2022.

4. Maidir le cúntóirí áitiúla a bhfuil rún acu seasamh i dtoghchán, comhlíonfaidh siad na dlíthe náisiúnta maidir le feachtais toghcháin. Ar feadh thréimhse an fheachtais oifigiúil ar a laghad, ní mór do chúntóirí a bheith ar saoire bliantúil nó ar saoire gan phá. Má thoghtar iad, cuirfear deireadh le híoc na speansas a bhaineann leo mura rud é go bhféadfaidh siad fianaise a sholáthar go bhfuil a sainordú i gcomhréir le comhlíonadh a gcuid dualgas mar chúntóirí parlaiminteacha.

5. Ní mór na hoibleagáidí a fhorchuirtear le mír 2 agus le mír 4 a bheith i gconarthaí a thugtar i gcrích idir Feisirí agus cúntóirí.

*Airteagal 40*

**Speansais maidir le conradh fostaíochta a fhoirceannadh**

1. De mhaolú ar Airteagal 33(3), féadfar speansais bhreise arna dtabhú nuair a dhéantar conarthaí a thugtar i gcrích ag Feisirí lena gcúntóirí áitiúla a fhoirceannadh mar gheall ar dheireadh a bheith tagtha le téarma oifige na bhFeisirí a íoc, ar choinníoll go n-eascraíonn na speansais sin ó chomhlíonadh an dlí saothair náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear comhaontuithe cómhargála.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás:

(a) ina n-atoghfar an Feisire láithreach chuig an bParlaimint ina dhiaidh sin;

(b) ina bhfuil téarma is lú ná 6 mhí curtha isteach ag an bhFeisire i dtrácht;

(c) nach bhfuil oibleagáidí dlíthiúla maidir leis an gconradh fostaíochta a fhoirceannadh, lena n-áirítear fógra dífhostaithe, comhlíonta ag an bhFeisire i dtrácht in am trátha roimh dheireadh a théarma oifige nó a téarma oifige, ach amháin i gcásanna nárbh féidir deireadh an téarma oifige a thuar roimh ré;

(d) ina bhfuil luach saothair eile ó institiúid de chuid an Chomhphobail á fháil ag an gcúntóir nó ina bhfuil sé nó sí fostaithe ag Feisire eile nó ag grúpáil Feisirí le linn na tréimhse atá i gceist;

(e) gur ann do na speansais atá i gceist mar thoradh ar chomhaontú sonrach idir na páirtithe nó ar chinneadh chun bónas a dhámhachtain, sa bhreis ar oibleagáidí atá comhaontaithe ar bhonn reachtach nó i gcomhpháirtíocht le chéile, ag tráth foirceannta an chonartha fostaíochta.

3. Déanfaidh gníomhairí íocaíochta iarratas ar íoc na speansas dá dtagraítear i mír 1, iad comhshínithe go cuí ag an bhFeisire agus ar a sonrófar an bunús dlí don íocaíocht sin, a thíolacadh chuig an roinn ábhartha laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh théarma oifige an Fheisire.

4. I gcás ina bhfuil ceangal faoin dlí náisiúnta is infheidhme ar Fheisirí méid is airde ná trí oiread an mhéid dá dtagraítear in Airteagal 33(4) a íoc i leith speansais a thagann faoi raon feidhme mhír 1, féadfar na speansais sin a íoc ar bhonn eisceachtúil nuair a thíolacfar doiciméid tacaíochta arna mbunú go cuí agus is gá a bheith deimhnithe ag na húdaráis inniúla náisiúnta. Déanfar iarratais ar íocaíocht a thíolacadh faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 3.

5. Chun speansais a bhaineann le conradh fostaíochta a fhoirceannadh agus nach féidir a íoc faoi mhír 1 go dtí mír 4 a chlúdach, féadfaidh na Feisirí teagasc a thabhairt dá ngníomhaire íocaíochta cistí ón méid dá dtagraítear in Airteagal 33(4) a chur i leataobh agus a thabhairt ar aghaidh go dtí na blianta airgeadais ina dhiaidh sin ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an Feisire tar éis a shuí, trí dhoiciméadacht chuí i scríbhinn, gur ann, lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa agus gan rannpháirtíocht Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, do chleachtas seanbhunaithe san earnáil lena mbaineann an conradh fostaíochta trína ndéantar íocaíochtaí iomarcaíochta os cionn an íosmhéid reachtúil;

(b) tá méideanna iomarcaíochta a fhreagraíonn don chleachtas a shainaithnítear faoi phointe (a) comhaontaithe i gconradh fostaíochta an chúntóra áitiúil. Ní fhéadfar in imthosca ar bith na méideanna iomarcaíochta a bheidh níos mó ná tuarastal míosa le haghaidh gach bliana fostaíochta;

